2015. M72T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2015

## INNEALTÓIREACHT – ÁBHAIR AGUS TEICNEOLAÍOCHT

(Gnáthleibhéal – 200 marc)

DÉARDAOIN, 4 MEITHEAMH — MAIDIN, 9:30 – 12:00

Freagair **Ceist 1**, **Roinn A** agus **Roinn B**, agus **trí** cheist eile.

**Ceist 1.** **(65 marc)**


## ROINN A – 30 marc

Freagair **sé cinn ar bith** acu seo a leanas **go hachomair**:



**(a)** Liostaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta ba chóir a chomhlíonadh nuair a bhítear ag baint úsáide as stialltéitheoir chun aicrileach a lúbadh.

**(b)** Mínigh an téarma *seoltóir leictreach* de réir mar a bhaineann le hairíonna miotal.




**(c)** Luaigh **dhá** oibríocht ina mbaintear úsáid as an gcúlstoc ar dheil láir.

**(d)** Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le húsáid a bhaint as Déantúsaíocht Ríomhchuidithe (CAM).


**(e)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis a mbíonn *tástáil* riachtanach agus obair thionscadail ar siúl.

**(f)** Luaigh **dhá** chúis ar cuid thábhachtach den phróiseas déantúsaíochta é caighdeán na bailchríche.

A


**(g)** Ainmnigh an mheicníocht lipéadaithe **A**, a thaispeántar thall.

**(h)** Ainmnigh na snáithchruthanna atá oiriúnach do **gach ceann** acu seo a leanas:



**(i)**
Bís inneall innealtóireachta,




**(ii)**
Scriú meaisín.


## ROINN B – 35 marc

Freagair **trí cinn ar bith** acu seo a leanas:

**(i)** Déan cur síos ar na príomhghnéithe oibríochta a bhaineann le **ceann amháin ar bith** acu seo a leanas:



Meaisín spot-táthaithe



Meicníocht raca is pinniúin



Umar plaisteach tumbhrataithe.

**(j)** Mínigh **dhá cheann ar bith** acu seo a leanas:

Bogearraí, Teicneolaíocht gan sreang, Ionsamhlú ar ríomhaire, Port USB.

**(k)** Tabhair sainmhíniú ar an téarma *brisce* agus ainmnigh ábhar atá briosc.

**(l)** Mínigh **dhá cheann ar bith** acu seo a leanas:

Clár ciorcad priontáilte (PCB), Cóimhiotal, Foirbeadh, Tiomáint péiste agus rotha.

**(m)** Ainmnigh an **dá** uirlis ghearrtha a thaispeántar ag **(i)** agus **(ii)**.


**(i)**


**(ii)**



**Ceist 2.** **(45 marc)**

**(a)** Ainmnigh **gach ceann** de na foirnéisí a thaispeántar.


**(i)**



**(ii)**



**(iii)**



**(b)** Roghnaigh foirnéis **amháin** a thaispeántar thuas agus freagair **gach ceann** acu seo a leanas:

**(i)** Tarraing léaráid den fhoirnéis agus lipéadaigh na príomhpháirteanna;
**(ii)** Ainmnigh na hábhair sa lucht;
**(iii)** Déan cur síos ar an tslí a dtéitear nó a leáitear an lucht;
**(iv)** Ainmnigh an miotal a tháirgtear.

**(c)** Ainmnigh ábhar oiriúnach as a bhféadfaí **gach** comhpháirt a thaispeántar thíos a dhéanamh:



**(i)** Friochtán,



**(ii)** Bacart innealtóireachta,



**(iii)** Sorcóir uisce the.

**(d)** Ainmnigh na miotail a úsáidtear chun **gach ceann** de na cóimhiotail thíos a dhéanamh:


**(i)** Prás, **(ii)** Sádar.

**Ceist 3.** **(45 marc)**

**(a)** Mínigh **dhá cheann ar bith** acu seo a leanas:

**(i)** Screamhchruachan, **(ii)** Ainéaladh, **(iii)** Saotharchruachan.

**(b)** Déan cur síos ar shlí ar féidir ceann an chasúir innealtóireachta a thaispeántar a chruachan agus a fhaghairt.



**(c)** Luaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta ba chóir a chomhlíonadh nuair a bhíonn miotail theo á láimhsiú agus teaschóireáil ar siúl.

**(d)** Tabhair breac-chuntas ar an tionchar a bhíonn ag **gach ceann** acu seo a leanas nuair a bhaintear úsáid as, le linn miotal á fhuarú agus teaschóireáil ar siúl:

- Uisce
- Ola.

**NÓ**

**(d)** Luaigh **dhá** fheidhm a bhaintear as an róbataic i dtionscal na déantúsaíochta.

**Ceist 4.** **(45 marc)**

**(a)** Déan cur síos ar **thrí cinn ar bith** de na téarmaí seo a leanas a bhaineann le bogshádráil:

**(i)** Flosc, **(ii)** Púscadh, **(iii)** Sádar croíte, **(iv)** Stánú.

**(b)** **(i)** Ainmnigh na **trí** chineál lasrach is féidir a chruthú nuair a bhaintear úsáid as tóirse ocsaicéitiléine.

**(ii)** Luaigh comhréir na hocsaigine agus na haicéitiléine a theastaíonn le haghaidh **gach ceann** de na trí lasair ag **4(b)(i)**.

**(c)** Freagair **trí cinn ar bith** acu seo a leanas:

**(i)** Déan cur síos ar conas a tháirgtear teas nuair a bhíonn stuatháthú miotail de láimh ar siúl.

**(ii)** Ainmnigh modh oiriúnach chun alúmanam tanaí a cheangal.

**(iii)** Liostaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta ba chóir a chomhlíonadh nuair a bhíonn ciorcaid leictreacha á sádráil.

**(iv)** Ainmnigh an cineál scriú meaisín a thaispeántar agus mol feidhm oiriúnach dó.



**(d)** Mínigh **dhá** chúis ar an aghaidh a chosaint nuair a bhíonn stuatháthú miotail de láimh ar siúl.



**Ceist 5.** **(45 marc)**

**(a)** As ábhair phlaisteacha a dhéantar na trí earra a thaispeántar thíos.



Tráidire ciúbanna oighir



Buidéal spóirt



Scuab fiacla

**(i)** Sainaithin próiseas déantúsaíochta a úsáidtear agus **gach ceann** de na hearraí a thaispeántar thuas á dtáirgeadh.

**(ii)** Déan cur síos, agus léaráid mar chúnamh agat, ar **cheann amháin** de na próisis déantúsaíochta a ainmnítear in **5(a)(i)**.

**(b)** Luaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta ba cheart a chomhlíonadh nuair a bhíonn aicrileach á mheaisíniú.

**(c)** Mínigh **trí cinn ar bith** de na téarmaí seo a leanas a bhaineann le teicneolaíocht phlaisteach:

**(i)** Teirmeaplaisteach, **(ii)** Snáithínghloine,
**(iii)** Teirmeafhoirmiú, **(iv)** Plaisteach teirmithéachtach.

**(d)** Déan cur síos ar mhodh oibre a úsáidtear chun bailchríoch ardchaighdeáin a chur ar chiumhais ar leathán aicrileach.

**Ceist 6.** **(45 marc)**

**(a)** Ainmnigh **trí cinn ar bith** de na comhpháirteanna de dheil a thaispeántar.



**(i)**



**(ii)**



**(iii)**



**(iv)**

**(b)** Mínigh **trí cinn ar bith** acu seo a leanas de réir mar a bhaineann le meaisíniú:

**(i)** Deileadh barrchaolaithe, **(ii)** Luas fearsaide, **(iii)** Sreabháin ghearrtha, **(iv)** Fotha.

**(c)** Taispeántar crágán le húsáid i ndeil láir.



**(i)** Ainmnigh an crágán seo.

**(ii)** Déan cur síos ar **dhá** fheidhm a bhaintear as an gcrágán a thaispeántar.

**(iii)** Luaigh réamhchúram sábháilteachta **amháin** ba chóir a chomhlíonadh agus an sórt seo crágáin á úsáid agat.

## NÓ

**(c)** Mínigh **trí cinn ar bith** acu seo a leanas de réir mar a bhaineann le meaisíniú faoi Ríomhrialú Uimhriúil (CNC):

**(i)** CAD, **(ii)** X-ais, **(iii)** Mótar céimneach, **(iv)** Lasc shábháilteachta.

**Ceist 7.** **(45 marc)**

**(a)** Déan cur síos ar **dhá cheann ar bith** de na téarmaí seo a leanas i dtaca le teorainneacha agus oiriúintí de:

**(i)** Teorainn íochtarach, **(ii)** Bacoiriúint, **(iii)** Lamháltas.

**(b)** Déantar cóimeáil poll agus seafta de réir na dtoisí a thaispeántar.


Luaigh:

**(i)** Trastomhas ainmniúil an phoill;


**(ii)** Uas-trastomhas an phoill;


**(iii)** Íos-trastomhas an tseafta;

**(iv)** An cineál oiriúna a bheidh mar thoradh ar chóimeáil an phoill is mó agus an tseafta is lú.




**(c)** Ainmnigh **trí cinn ar bith** de na huirlisí a thaispeántar agus luaigh feidhm **amháin** atá ag **gach** uirlis a ainmnítear.


**(i)**


**(ii)**


**(iii)**



**(iv)**

**NÓ**

**(c)** Ainmnigh **gach ceann** de na comhbhaill leictreonacha a thaispeántar thíos agus tabhair breac-chuntas ar fheidhm **gach** comhbhaill a ainmnítear.


**(i)**


**(ii)**


**(iii)**

# Leathanach Bán

**Leathanach Bán**

Coimisíun na Scrúdaithe Stáit
State Examinations Commission

**LEAVING CERTIFICATE EXAMINATION, 2015**

**ENGINEERING - PRACTICAL**
**HIGHER and ORDINARY LEVELS**

**150 marks**

**27th APRIL - 8th MAY - MORNING: 10:00 to 1:00**
**AFTERNOON: 2:00 to 5:00**

**PLEASE READ CAREFULLY**

**INSTRUCTIONS**

**(a)** The Examination Number must be clearly stamped or engraved, by the **teacher**, on the test-piece in the position indicated on the drawing 2015. M74A($L_2$). If the test-piece is not assembled, the Examination Number must be indicated on each separate part of the test-piece.

**(b)** Candidates are not permitted to communicate with or assist one another.

**(c)** Completed **mild steel** parts **only** must be sprayed with a clear rust preventive aerosol.

From the materials supplied, make the **Vice** shown on the drawings to the shape and dimensions specified.

| PART | MATERIAL | PROCESS |
|---|---|---|
| 1 | Clear Polycarbonate | Mark out, drill, tap and shape. |
| 2 | Clear Polycarbonate | Mark out, drill and shape. |
| 3 | Aluminium | Mark out, drill and shape. |
| 6 | Aluminium | Mark out and shape. |
| 7 | Brass | Mark out, drill and shape. |

**Note**: **(i)** Parts 4, 5, 8 and 9 have been made prior to examination day. Part 6 has been part-prepared. Using the screws, nut and washer supplied assemble the Vice, as detailed on the assembly drawing.

**(ii)** **Accuracy, finish and function are important.**

Coimisíun na Scrúdaithe Stáit

**SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA, 2015**

# INNEALTÓIREACHT - PRAITICIÚIL
# ARDLEIBHÉAL agus GNÁTHLEIBHÉAL

**150 marc**

**27 AIBREÁN - 8 BEALTAINE - MAIDIN: 10:00 go dtí 1:00**
**TRÁTHNÓNA: 2:00 go dtí 5:00**

**LÉIGH NA TREORACHA SEO GO CÚRAMACH IAD LE DO THOIL**

**TREORACHA**

**(a)** Ba chóir don **mhúinteoir** Scrúduimhir an Iarrthóra a ghreanadh nó a scríobadh san ionad a thaispeántar ar an líníocht 2015. M74A($L_2$). Mura bhfuil an triailphíosa curtha le chéile, ní mór an Scrúduimhir a thaispeáint ar gach páirt ar leith den triailphíosa.

**(b)** Níl sé de chead ag iarrthóirí caidreamh a bheith acu lena chéile ná cúnamh a thabhairt dá chéile.

**(c)** Ní mór sprae trédhearcadh aersol chun meirg a chosc a chur ar na páirteanna déanta as **cruach bhog amháin** agus iad críochnaithe.


As na hábhair a sholáthraítear, an **Bhís** a thaispeántar sna líníochtaí a dhéanamh sa chruth agus de réir na dtoisí a shonraítear.

| PÁIRT | ÁBHAR | PRÓISEAS |
|---|---|---|
| 1 | Polacharbónáit thrédhearcach | A mharcáil amach, a dhruileáil, a tapa agus a dheilbhiú. |
| 2 | Polacharbónáit thrédhearcach | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 3 | Alúmanam | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |
| 6 | Alúmanam | A mharcáil amach agus a dheilbhiú. |
| 7 | Prás | A mharcáil amach, a dhruileáil agus a dheilbhiú. |


**Nóta**: **(i)** Rinneadh páirteanna 4, 5, 8 agus 9 roimh lá an scrúdaithe. Tá páirt 6 páirtdéanta. Ag baint úsáide as na scriúnna, an cnó agus an leicneán a sholáthraítear, cóimeáil an Bhís faoi mar atá sa líníocht cóimeála.

**(ii) Tá tábhacht ag baint le cruinneas, le bailchríoch agus le hoibriú.**


1





2





3 2 De dhíth / OFF





4





5





6





7





8




9








THALL
OVER

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

2015. M74A($L_2$)

SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA INNEALTÓIREACHT - PRAITICIÚIL
LEAVING CERTIFICATE ENGINEERING - PRACTICAL




SCRÚDUIMHIR
EXAM NO.

SONRAÍ CÓIMEÁLA
ASSEMBLY DETAILS